Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2023
(OR. en)**

**12155/23**

**CES 41**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar beirt chomhaltaí, arna mholadh ag Ríocht na Beilge , de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<br>- Glacadh |

1. I litreacha[1] dar dáta an 5 agus an 30 Bealtaine 2023, thug Uachtarán Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) fógra don Chomhairle go raibh Ronny LANNOO agus Raymond COUMONT faoi seach, ar comhaltaí de CESE iad, ag éirí as oifig.

2. I litreacha[2] dar dáta an 3 agus an 12 Iúil 2023, mhol Rialtas na Beilge Luc HENDRICKX, *Director Enterprise Policy & External Relations SMEunited*, agus Claude ROLIN*, Confederation of Christian Trade Unions of Belgium (ACV-CSC)*, mar chomhaltaí CESE ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.

3. Faoi Airteagal 302 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí CESE tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

[1] 9343/23, 10221/23.
[2] 11549/23, 12077/23.

4. Chuathas i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis na hainmniúcháin an 14 agus an 27 Iúil 2023 agus thug sé tuairim fhabhrach uaidh an 12 Meán Fómhair 2023[3].

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 12150/23 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[3] C(2023) 6033.